Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-644 2752. Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S97/18

LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION 2019

PRACTICAL TESTS IN MUSIC

TO THE AUTHORITIES OF POST PRIMARY SCHOOLS

1. LIST OF CANDIDATES IN ORDER OF MERIT

Enclosed please find copies of form MP10. Please insert the names of the candidates on this form in order of their proficiency at practical work in Music. Marks should not be awarded. The completed form should be given to the examiner on the day of the practical examinations. **It should not be returned to the State Examinations Commission.** Should there be more than one examiner in your school, copies of the form should be made available to each examiner.

2. THE RESULTS OF THE TESTS

The tests will be conducted entirely by the examiners who, subject to monitoring by the Commission, will decide the marks to be assigned to the candidates. The marks assigned will be strictly confidential and may be communicated only to the Commission.

3. TRANSFER OF CANDIDATES

The Commission should be notified immediately of any candidate transferring from, or to, your school and the name of the other school should be given.

4. ABSENCE OF A CANDIDATE THROUGH ILLNESS

Where a candidate is absent through illness at the time the tests are held the Commission will arrange tests for such candidates in the period from **20 May to 24 May 2019 (inclusive).** Application for such arrangements must be made by the school authorities and must be supported by medical evidence to reach the State Examinations Commission on or before **26 April 2019.** The application form M.P.7 will issue to schools prior to 26 April 2019 and this form must be returned directly to the State Examinations Commission.

5. Except in the most exceptional circumstances please note that it will not be possible to make alternative examination arrangements other than for circumstances described in Paragraph 4. **In this regard school examinations or other functions will not constitute exceptional circumstances.**

Finbarr Connolly
Executive Officer
December 2018

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Fón: +353-90-644 2752 Facs:+353-90-647 3080 Gréasán: www.examinations.ie R-phost: info@examinations.ie

S97/18

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2019

TRIALACHA PRAITICIÚLA SA CHEOL

D'ÚDARÁIS IARBHUNSCOILEANNA

1. LIOSTA NA nIARRTHÓIRÍ IN ORD FIÚNTAIS

Tá cóipeanna den fhoirm MP10 leis seo. Iarrtar ort ainmneacha na n-iarrthóirí a líonadh isteach ar an bhfoirm seo de réir ord a gcumais maidir leis an obair phraiticiúil sa Cheol. Ní cóir marcanna a bhronnadh orthu**.** Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a thabhairt don scrúdaitheoir ar lá na dtrialacha praiticiúla. **Ní cóir í a chur ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit.** Má bhíonn níos mó ná scrúdaitheoir amháin i do scoilse ní mór cóipeanna den fhoirm a bheith ar fáil do gach scrúdaitheoir díobh.

2. TORTHAÍ NA dTRIALACHA

Na scrúdaitheoirí a dhéanfaidh an triail ar fad agus is iadsan, faoi mhonatóireacht an Choimisiúin, a shocróidh na marcanna a thuillfidh na hiarrthóirí. Beidh na marcanna sin faoi rún daingean agus is don Coimisiún amháin a nochtfar iad.

3. AISTRIÚ IARRTHÓIRÍ

Ba cheart scéala a chur chuig an gCoimisiún láithreach faoi iarrthóir a bheith ag aistriú ó do scoilse, nó go dtí do scoilse, agus ainm na scoile eile a lua.

4. IARRTHÓIRÍ AS LÁTHAIR DE BHARR TINNIS

Má bhíonn iarrthóir as láthair de bharr tinnis tráth a reáchtálfar na trialacha, déanfaidh an Coimisiún socruithe le go gcuirfear triail ar a leithéid sin d'iarrthóir sa tréimhse idir **20 Bealtaine agus 24 Bealtaine 2019 (an dá dháta sin san áireamh).** Caithfidh na húdaráis scoile iarratas a dhéanamh ar shocruithe den chineál sin, agus teastas dochtúra mar thaca leis. Ní mór an t-iarratas a bheith ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit tráth nach déanaí ná **26 Aibreán 2019.** Seolfar an fhoirm iarratais M.P.7 chuig na scoileanna roimh 26 Aibreán 2019 agus ba chóir í a sheoladh díreach ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

5. Ní féidir aon socrú speisialta eile a dhéanamh maidir leis na trialacha lasmuigh díobh san atá luaite in Alt 4 thuas, ach amháin i gcásanna fíoreisceachtúla. **Ní áireofar scrúduithe inmheánacha scoile nó imeachtaí eile scoile mar chásanna eisceachtúla.**

Finbarr Connolly
Oifigeach Feidhmiúcháin
Nollaig 2018